www.xtrapapers.com

New Specification

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2011

# Irish

## Unit 3: Listening
## Higher Tier

**[GIR32]**

**WEDNESDAY 18 MAY, MORNING**

# TRANSCRIPT

Each piece heard twice unless otherwise stated on transcript

Audio "beep" to precede each question

Five second pauses unless otherwise stated on transcript

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Secondary Education, 2011
Irish, Unit 3, Listening, Higher

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided. You will hear each section twice. You will hear the last question for a third and final time.

1 Listen to this person asking for directions.

– Gabh mo leithscéal.

– An bhfuil siopa glasraí sa bhaile seo?

– Tá, cinnte.

*Pause*

– Cá bhfuil sé?

– Gabh suas chuig an droichead.

*Pause*

– Ag an droichead tiontaigh ar dheis.

*Pause*

– An bhfuil sé i bhfad ar shiúl?

– Tá sé cúig bhomaite ar shiúl.

– Go raibh maith agat.

www.xtrapapers.com

2 Caoimhín talks about his friend.

– Fuair mé teachtaireacht téacs inné ó mo chara, Lúsaí.

*Pause*

Bhí obair chúrsa le déanamh aici agus bhí cuidiú de dhíth uirthi.

*Pause*

Chuir mé seoladh idirlín chuici.

3 Eoin talks about his weekend.

– Cad chuige nach raibh tú ag an dioscó oíche Shathairn, a Eoin?

– Bhí mé san ospidéal.

*Pause*

– Cad é a tharla?

– Bhí mé ag imirt rugbaí ar maidin agus ghortaigh mé mo chos.

*Pause*

– An bhfuil tú ceart go leor anois?

– Tá.

– Cad é mar a bhí an cluiche?

– Bhí an cluiche iontach garbh.

*Pause*

– Is mór an trua é sin.

– Ach, is cuma, mar bhain muid an cluiche.

www.xtrapapers.com

4 Bairbre talks about her area.

– Is mise Bairbre. Tá mé i mo chónaí i mbaile beag.
Níl ach trí chéad duine ina gcónaí sa bhaile.
Tá aithne agam ar gach duine.
Síleann mo chairde go bhfuil an baile iontach beag agus leadránach ach is breá liomsa an baile.
Tá a lán le déanamh anseo.
Tá neart áiseanna sa cheantar do dhéagóirí.
Ní rachaidh mé a chónaí áit ar bith eile.

5 You listen to an announcement on the radio.

– Chaill Máire mála leathair Dé Sathairn seo caite.

*Pause*

Bhí a sparán sa mhála.

*Pause*

Chaill sí an mála sa leabharlann.

*Pause*

Má tá eolas ar bith agat cuir scairt orainn anseo.

www.xtrapapers.com

6 Nuala and Dáithí talk about a night out.

*Dáithí* – Ar mhaith leat dul chuig ceolchoirm amárach, a Nuala?

*Nuala* – Ba mhaith, cinnte.

*Pause*

*Dáithí* – Feicfidh mé tú ag halla na cathrach ar a seacht a chlog.

*Nuala* – Maith go leor.

*Pause*

*Dáithí* – An dtig leat síob a fháil?

*Nuala* – Thig. Tabharfaidh mo mháthair síob dom.

*Pause*

*Dáithí* – Bí in am, mar níl ticéid agam agus beidh orainn íoc ag an doras.

*Nuala* – Ceart go leor.

7 Lára describes a celebration.

– Is mise Lára. Thaitin Oíche Shamhna go mór liom.

*Pause*

Chuaigh mise agus mo chairde ó dhoras go doras agus thug na comharsana uilig airgead dúinn. Bhí mise iontach sásta.

*Pause*

Nuair a tháinig mé abhaile d'ith mé toirtín úll agus uachtar.

www.xtrapapers.com

8 Seán talks about his weekend.

*Máiread* – Cad é mar a bhí an deireadh seachtaine, a Sheáin?

*Seán* – Go dona. Bhí muid le dul chuig na sléibhte ach ní dheachaigh muid sa deireadh.

Pause

*Máiread* – Cad chuige?

*Seán* – Bhí drochaimsir ann agus shíl an múinteoir go raibh sé contúirteach.

Pause

*Máiread* – Is mór an trua é sin.

*Seán* – Is mór cinnte. Bhí díomá orm.

Pause

*Máiread* – An rachaidh sibh am éigin eile?

*Seán* – Rachaidh. Rachaidh muid ann i gceann coicíse.

www.xtrapapers.com

9 Listen to Ruairí and Caoimhe talking about holidays.

– Cad é mar a bhí an Spáinn, a Chaoimhe.

– Bhí an áit galánta ach bhí sé ró-the domsa.

*Pause*

– An rachaidh sibh ar ais arís?

– Rachaidh, ach ní bheidh muid ag stopadh san óstán céanna.

– Cad chuige?

– Bhí radharc breá ón seomra ar an fharraige againn ach bhí an seomra salach.

*Pause*

– Cad é a rinne sibh?

– Labhair muid le bainisteoir an óstáin agus ní dhearna sé rud ar bith.

*Pause*

– Ní raibh sin sásúil.

– Ní raibh. Bhí fearg an domhain orainn.

– Tuigim.

*Pause*

– Nuair a tháinig mé abhaile chuaigh mé chuig an ghníomhaire taistil agus rinne mé gearán.

*Pause*

– Cad é a dúirt sé?

– Dúirt sé go dtabharfadh sé lacáiste dom ar shaoire eile.